2025.M105T

2025L568G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Gnáthleibhéal

Dé Máirt 24 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** roinn.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 20 ceist | 100 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair **trí** cheist | 150 marc |

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Féadann sé go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| **Roinn A** | **Ceisteanna Gearrfhreagra** | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair **deich gcinn** de na míreanna seo a leanas: **(a), (b), (c)…(t)**. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 1**

**(a)** Sa bhliain 2024 vótáil beagnach leath de dhaonra an domhain i dtoghcháin éagsúla. Tabhair **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach vótáil.

| |
|---|
| Cúis a hAon: |
| |
| Cúis a Dó: |
| |

**(b)** Déan cur síos ar pholasaí scoile a bhfuil scrúdú déanta agat air a thugann aghaidh ar choincheap na sábháilteachta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** In 2024 thug rialtas an hÉireann an Scéim Éarlaise agus Aisíoca isteach le haghaidh buidéil phlaisteacha agus cannaí alúmanaim nó cruach. An sampla maith é seo de ghníomh ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach? Mínigh do fhreagra.


| |
|---|
| Is ea ☐ Ní hea ☐ |
| Míniú: |
| |
| |

https://re-turn.ie/

**(d)** Scrúdaigh sonraí 2023 ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála, agus freagair na ceisteanna thíos.

An Phríomh-Oifig Staidrimh | Central Statistics Office

## Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) 2023




**(i)** Cén chonclúid is féidir leat a bhaint as na sonraí thuas faoin mbochtaineacht?

**(ii)** Sainaithin difríocht **amháin** idir sonraí 2022 agus sonraí 2023.

**(iii)** Conas a d’fhéadfadh na sonraí seo cabhrú le rialtas na hÉireann?

**(e)** Ainmnigh ceart **amháin** atá ag páiste faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC). Déan cur síos ar an mbealach nach bhfuil an ceart sin á chomhlíonadh in Éirinn.




| |
|---|
| Ceart: |
| An bealach nach bhfuil sé á chomhlíonadh: |
| |
| |

www.niccy.org/what-we-do/statement-on-childrens-rights-in-northern-ireland-socrni/statement-on-childrens-rights-in-northern-ireland-socrni-3-2022/

**(f)** Síníodh an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní ina dhlí in Éirinn in 2021. Faoin Acht, is gá d'fhostóirí faisnéis a fhoilsiú maidir lena mbearna phá idir na hinscní. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an t-eolas seo a bhailiú agus a fhoilsiú?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(g)** Tabhair sampla **amháin** den tslí a dtéann aicme shóisialta i bhfeidhm ar shaol duine.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(h)** Mínigh ról an rialtais i sochaí dhaonlathach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(i)** In 2024, cuireadh 25 duine chun báis i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Déan trácht ar an staitistic sin agus tagairt agat do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR).

**(j)** Cén ról atá ag an Ombudsman do Leanaí in Éirinn?

ombudsman do leanaí for children

www.oco.ie

**(k)** Is teoiric í 'Sinne in aghaidh Iadsan' a mhíníonn an tslí ina bhféachann roinnt daoine, b'fhéidir, ar an domhan. Tabhair sampla ina bhféadfá é seo a fheiceáil inniu.

**(l)** Cad é saoirse an phreasa?

**(m)** Déan cur síos ar shampla **amháin** den tslí a gcruthaítear féiniúlacht in Éirinn.

**(n)** Cén ról atá ag Teachta Dála (TD) in Éirinn?

**(o)** Déan trácht ar an teachtaireacht maidir le hathrú aeráide sa chartún seo.




https://theweek.com/political-satire/1026394/on-the-boil

**(p)** Mínigh go hachomair smaoineamh **amháin** atá ag Kathleen Lynch faoin bpolaitíocht agus/nó faoin tsochaí in Éirinn.




www.ihrec.ie/about/chief-commissioner-members-of-ihrec/professor-kathleen-lynch/

**(q)** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil TFC (ICT)/teicneolaíocht agus na meáin tar éis saol níos domhandaithe a chruthú.

**(r)** Déan cur síos ar céard is seachadóir dualgais ann agus tabhair sampla de sheachadóir dualgais.

**(s)** Cad atá i gceist le Staid an Nádúir?



https://totallyhistory.com/thomas-hobbes/

**(t)** Mínigh na tionchair a bhíonn ag an gciníochas in Éirinn.



www.equalityanddiversity.co.uk/anti-racism-training.html

| **Roinn B** | **Ceisteanna bunaithe ar Shonraí** | **150 marc** |
|---|---|---|


Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Doiciméad A: Grafaic faisnéise ón Tuarascáil um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, 2022.** **(Oiriúnaithe)**

SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

Sa *Tuarascáil um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, 2022*, tugtar forléargas domhanda ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Chláir um Fhorbairt Inbhuanaithe, 2030, agus úsáid á baint as na sonraí agus na meastacháin is déanaí. Déantar rianú sa Tuarascáil ar an dul chun cinn domhanda agus réigiúnach i dtreo na 17 Sprioc chomh maith le hanailís dhomhain ar tháscairí roghnaithe do gach ceann de na Spriocanna.

De réir na Tuarascála, tá an Clár um Fhorbairt Inbhuanaithe, 2030, chomh maith leis an seans go mairfidh an cine daonna féin, i gcontúirt mhór mar gheall ar ghéarchéimeanna idircheangailte. Tarraingítear aird sa Tuarascáil ar dhéine na ndúshlán atá romhainn. Is iad COVID-19, an t-athrú aeráide, agus coimhlintí na géarchéimeanna is mó, agus tá drochthionchar á imirt acu ar chúrsaí bia agus cothaithe, ar an tsláinte, ar an oideachas agus tá siad ag cur isteach ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) ar fad. Sonraítear sa tuarascáil na réimsí a bhfuil gníomh práinneach de dhíth iontu chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a thabhairt slán agus chun dul chun cinn fiúntach a chur ar fáil do na daoine agus don phláinéad faoin mbliain 2030.




https://unstats.un.org/sdgs/report/2022/The-Sustainable-Development-Goals-Report-2022.pdf - adapted

**Doiciméad B: Príomhláithreacha Ocrais – na Tíortha is mó Údar Imní.**

**Gníomhú in Aghaidh an Ocrais – gníomhaireacht dhaonnúil ag freagairt do choimhlintí, do thubaistí agus d'éigeandálaí pé am a tharlaíonn siad.**

Is iad an choimhlint, an ghéarchéim aeráide agus tuairteanna eacnamaíochta is mó is cúis i gcónaí le níos mó pobal timpeall an domhain a bheith ag fulaingt mar gheall ar ghéarchéim an ocrais. Tá sé sin de réir na tuarascála is déanaí ó na Náisiún Aontaithe ar Phríomhláithreacha an Ocrais, tuarascáil ina raibh Háítí, an tSúdáin Theas agus an tSúdáin i measc na dtíortha a bhfuil an leibhéal práinne is airde acu.

| | Háítí | An tSúdáin Theas | An tSúdáin |
|---|---|---|---|
| **Daonra** | 11.5 milliún | 10.9 milliún | 49.7 milliún |
| **Daoine i ngátar** | 4.9 milliún | 8.9 milliún | 15.8 milliún |
| **Daoine ar cabhraíodh leo anuraidh** | 504,344 | 1,191,678 | 473,219 |
| **Páistí i mbaol ón ngéar-mhíchothú** | 1,000 | 1.6 milliún | 4 milliún |
| **Príomhchúiseanna an ocrais** | Leibhéil foréigin nach bhfacthas cheana, blianta de mhíshocracht pholaitíochta agus tubaistí nádúrtha ag tarlú arís is arís eile | Mar thoradh ar choimhlintí agus ar thubaistí aeráide, tuilte eisceachtúla san áireamh, scriosadh tithe cónaithe agus foinsí bia agus b'éigean do theaghlaigh teitheadh | Is iad an choimhlint, an mhíshocracht pholaitíochta agus eacnamaíoch, an díláithriú inmheánach, tubaistí aeráide agus an foréigean i gceantair ar leith atá taobh thiar den ghéarchéim |

Is iad an choimhlint agus an foréigean eagraithe, é sin a dhírítear ar shibhialtaigh go háirithe, is mó is cúis leis an ocras ar fud an domhain. Mar gheall air seo, is in olcas a rachaidh an rochtain ar bhia, atá tearc cheana féin, de bharr go gcuirfear as do na margaí domhanda. Bíonn ar dhaoine a theitheann óna n-áit chónaithe a gcuid talún, agus an deis chun a gcuid bia féin a fhás, a fhágáil ina ndiaidh freisin.



Bíonn tionchar tubaisteach freisin ag an aimsir fhíordhona, amhail báisteach iomarcach, triomaigh agus cioclóin – atá níos déine fós de bharr na géarchéime aeráide – agus teipeann ar na fómhair arís is arís eile dá réir. De bharr athruithe ar phatrún na haimsire, éifeacht El Niño mar shampla, tá breis báistí á thuar mar aon le baol breise tuilte. Is é is dóichí ná go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar réigiúin ina bhfuil dúshláin mhóra cheana féin ó thaobh táirgeadh barr de.

Tá rialtais ar fud an domhain ag streachailt chun na daoine is leochailí ina bpobal féin a chosaint de bharr leibhéil arda fiachais. In an-chuid tíortha is é is dóichí ná go rachaidh cúrsaí in olcas go mór de bharr ardú as cuimse ar phraghsanna nithe amhail bia, fuinneamh agus iompar chomh maith le hairgeadraí a bheith ag lagú.

Oiriúnaithe ó: https://www.actionagainsthunger.org.uk/our-impact/stories/the-hungriest-countries-in-the-world

**Ceist 2**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cad é Sprioc a Dó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)?

| |
|---|
| |

**(b)** De réir Dhoiciméad A, cad a thugtar sa Tuarascáil um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, 2022?

| |
|---|
| |
| |

**(c)** De réir Dhoiciméad B, cad is cúis le tíortha timpeall an domhain a bheith ag fulaingt mar gheall ar ghéarchéim an ocrais?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** I nDoiciméad B, tugtar breac-chuntas ar na príomhchúiseanna leis an ocras i dtrí thír. Ainmnigh ceann **amháin** de na tíortha sin agus sainaithin an phríomhchúis leis an ocras sa tír sin.

| |
|---|
| Tír: |
| Cúis leis an ocras: |
| |
| |

**(e)** Agus fianaise ó Dhoiciméad B á húsáid agat, sainaithin na naisc idir an ghéarchéim ocrais agus an comhshaol.

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad A.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Déan cur síos ar ghné dhearfach **amháin** den bhealach a gcuirtear na sonraí i láthair i nDoiciméad B.

| |
|---|
| |
| |

**(c)** Roghnaigh príomhphíosa **amháin** eolais as Doiciméad A agus déan cur síos ar an mbealach a nascann sé leis an eolas a thugtar i nDoiciméad B.

| |
|---|
| Príomhphíosa eolais: |
| |
| Cur síos: |
| |

**(d)** Conas mar a d'fhéadfadh an t-eolas a thugtar sa dá dhoiciméad a bheith úsáideach do rialtais ar fud an domhain?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(e)** An foinse iontaofa sonraí é Doiciméad A? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

**(a)** I nDoiciméad B, sainaithin cosúlacht **amháin** agus difríocht **amháin** idir na sonraí as Háítí agus na sonraí as an tSúdáin Theas.

| |
|---|
| Cosúlacht: |
| |
| Difríocht: |
| |

**(b)** Cén cineál sonraí a chuirfeadh leis an taighde a chuirtear i láthair i nDoiciméad A, dar leat? Tabhair sampla de shonraí den chineál seo.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar thionscadal saoránachta a d'fhéadfá a dhéanamh chun tacú le hobair Gníomhú in Aghaidh an Ocrais.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tar éis duit anailís a dhéanamh ar na sonraí, cad iad na moltaí a thabharfá do na Náisiúin Aontaithe faoi na ceisteanna a ardaítear i nDoiciméad A agus i nDoiciméad B?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

## Roinn C — Aistí Dioscúrsacha — 150 marc


Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 5** **(50 marc)**

**Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le córas toghcháin na hÉireann?**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Toghcháin / vótáil
- Ionadaithe / ionadaíocht
- Dáil Éireann / Seanad Éireann
- Tromlach / mionlach
- Dlíthe / cinnteoireacht
- Reifreann
- Páirtithe polaitíochta
- Smaointeoirí tábhachtacha, e.g. Thomas Hobbes agus John Locke.



www.oireachtas.ie/assets/Uploads/Dail-wide-2.jpg

**Ceist 6** **(50 marc)**

**Pléigh an luach a bhaineann le guth an mhic léinn ar an leibhéal áitiúil agus/nó ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal idirnáisiúnta.**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Samhlacha rannpháirtíochta, e.g. Samhail Lundy
- Comhairlí Mac Léinn
- Dáil na nÓg
- Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann (ISSU)
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)
- Samhail na Náisiún Aontaithe (Model UN)
- An tAcht Oideachais (1998)
- Smaointeoirí tábhachtacha, e.g. Paulo Freire.




www.tusla.ie/uploads/content/Tusla-Toolkit (webversion).pdf

**Ceist 7** **(50 marc)**

San íomhá léirítear an Mearfhaisean, ceist chomhshaoil atá le réiteach ag an domhan sa lá atá inniu ann.

**Cad is féidir le rialtas na hÉireann agus/nó comhlachtaí idirnáisiúnta a dhéanamh, dar leat, chun dul i ngleic le ceisteanna comhshaoil – an mearfhaisean, mar shampla?**




https://medium.com/@ahmariqra5/fast-fashion-frenzy-the-high-cost-of-cheap-trends-bb0433b3d108

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Ról iarrachtaí daoine aonair
- Cad is féidir le gnólachtaí agus corparáidí a dhéanamh
- Comhaontuithe idirnáisiúnta (na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach)
- Tearcfhorbairt agus trádáil éagothrom
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)
- Smaointeoirí tábhachtacha, e.g. Sean McDonagh.

**Ceist 8** **(50 marc)**

**Déan measúnú ar nádúr athraitheach na meán comhaimseartha sa tsochaí.**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Cineálacha meán
- Rialú faisnéise
- Mífhaisnéis / Bréagaisnéis
- Rialacháin
- Úinéireacht / rialú na meán
- Ról na fógraíochta
- Smaointeoir tábhachtach, e.g. Noam Chomsky nó Karl Marx.



https://popularwow.com/wp-content/uploads/2021/01/social-media-connections-728x437.jpg

**Ceist 9** **(50 marc)**

**I gcomhthéacs imeachtaí náisiúnta agus/nó domhanda le déanaí, cé chomh tábhachtach is atá cearta an duine i saol an lae inniu?**




https://internationalenglishfagerlia.com/2021/09/28/human-rights-and-the-un/

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Cogaíocht / fuath / coimhlint
- Gorta / géarchéimeanna daonnúla / géarchéim aeráide
- Comhionannas / imeallú
- Claontacht / idirdhealú
- Bia / dídean / uisce glan
- Smaointeoir tábhachtach, e.g. Martha Nussbaum.

**Ceist 10** **(50 marc)**

**Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag aicmí sóisialta agus ag saibhreas ar an oideachas in Éirinn.**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Bochtaineacht
- Inacmhainneacht an teagaisc seachscoile, e.g. diancheachtanna
- Scéimeanna rialtais, e.g. BRA (HEAR) / DEIS
- Rochtain ar an teicneolaíocht
- Easpa dídine
- Caipiteal Cultúrtha / Sóisialta, e.g. naisc
- Smaointeoir tábhachtach, e.g. Kathleen Lynch.




https://trainthelearner.com/inequality-in-education/

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

| **Freagra** |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 24 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00